NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam na Bunscoile a Athfhorbairt

## Comhairliúchán leis na páistí ar thodhchaí an Chorpoideachais agus Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte mar chuid den réimse curaclaim Folláine

Forbartha i gcomhar le *Hub na nÓg* agus An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Bealtaine 2024

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ..... 1

MODHEOLAÍOCHT ..... 5

AN COMHAIRLIÚCHÁN A CHUR I LÁTHAIR ..... 9

COMHAIRLIÚCHÁN AR CHORPOIDEACHAS ..... 10

COMHAIRLIÚCHÁN AR OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS) ..... 18

PLÉ AR THORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN ..... 28

CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 32

TAGAIRTÍ ..... 33

AGUISÍNÍ ..... 34

# Réamhrá

## Curaclam na Bunscoile a athfhorbairt

Tá athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar Churaclam na Bunscoile. Tá fís agus prionsabail an churaclaim athfhorbartha leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile (CCB) (An Roinn Oideachais, 2023).

Leagtar cúig réimse curaclaim leathana amach sa Chreat:

1. Teanga
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl ó mhí Feabhra 2020 go mí an Mhárta 2022, maidir leis na moltaí laistigh den CCB, agus rinneadh anailís ar na sonraí ón gcomhairliúchán sin chun eolas a dhéanamh do *Chreatchuraclam na Bunscoile*, a foilsíodh in Earrach 2023. Le cois an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara oideachais, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne, choimisiúnaigh CNCM tionscadal taighde chun dearcthaí páistí a lorg faoi *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Cuireadh tús leis an ngné seo den chomhairliúchán i mí an Mhárta 2020, agus ba í Institiúid Oideachais Marino a bhí ina bhun.

Déanann CNCM iarracht a chinntiú go n-aithníonn a próisis forbartha curaclaim cead cainte na bpáistí maidir le forbairt dá leithéid, ó tharla go mbaineann sé leo agus lena saolta (Alt 12, CNACL).

## An tuarascáil seo

Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar thuilleadh comhairliúcháin le páistí, a rinneadh chun cabhrú le forbairt CNCM ar shonraíocht churaclaim nua na Folláine a mhúnlú, le páistí ó Chéim 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) i gceithre bhunscoil idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2023. Ba chineálacha difriúla scoileanna iad na scoileanna uilig, gach ball d'Fhóram Scoileanna CNCM, agus bhí siad lonnaithe i gContae Chill Mhantáin, Baile Átha Cliath, Contae an Chabháin agus Dún na nGall. Mar atá leagtha amach sa Chreat, cuimsítear Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) le réimse curaclaim na Folláine leis na céimeanna ranga seo.

## Lucht féachana agus tionchar

Tá obair ar siúl faoi láthair chun sonraíochtaí curaclaim a fhorbairt do na cúig réimse curaclaim atá leagtha amach thuas. Cuirfear bunús, aidhmeanna, snáitheanna agus torthaí foghlama an réimse curaclaim ar fáil i ngach sonraíocht. Cé gur gné láidir dár gcuid oibre le linn na céime comhairliúcháin ar fhorbairt na sonraíochta curaclaim é an comhairliúchán le páistí, tá sé d'aidhm ag CNCM níos mó tábhachtacha a thabhairt do thuairimí na bpáistí, níos luaithe inár bpróisis forbartha. Chun é seo a bhaint amach, d'oibrigh CNCM i gcomhpháirt le *Hub na nÓg* agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun tuilleadh teagmhála a bhunú le páistí le linn fhorbairt na sonraíochtaí curaclaim a

dhéanfadh eolas d'obair na Comhairle, an Bhoird don Luath-óige agus don Oideachas Bunscoile, agus do Ghrúpa Forbartha na Folláine.

Chun bonn láidir, ionadaíoch agus freagrúil a sholáthar dá hobair forbartha curaclaim, bhunaigh CNCM Grúpaí Forbartha chun tabhairt faoi thascanna sonracha i réimsí curaclaim nó in ábhair. Bhunaigh CNCM cúig Ghrúpa Forbartha chun tacú le forbairt na cúig shonraíocht churaclaim a leagadh amach níos túisce. Cuireann sraith choiteann de threoirphrionsabail uileghabhálacha bonn faoin obair (ailínithe le Plean Straitéiseach 2022 – 2025 de chuid CNCM) (leagtha amach i dTábla 1 thíos), agus tábhacht ar leith ag baint leis an bprionsabal a bhaineann le cead cainte an pháiste sa doiciméad seo.

**Tábla 1. Prionsabail atá mar bhonn taca ag forbairt na comhairle**

| Prionsabail | Conas a léireofar na prionsabail in obair na nGrúpaí Forbartha |
|---|---|
| Ionchuimsiú agus éagsúlacht | Aithneoidh obair an Ghrúpa Forbartha uathúlacht agus cearta gach páiste agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste chun a gcumas a bhaint amach. |
| Comhpháirtíocht agus comhoibriú | Bíonn baill an Ghrúpa Forbartha ag obair le meon an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta, agus sna seomraí ranga, sna scoileanna agus san earnáil oideachais níos leithne chun forbairtí curaclaim agus measúnaithe a mhúnlú. |
| Comhairliúchán | Tacóidh an Grúpa Forbartha le próisis chomhairliúcháin agus cuirfear san áireamh réimse saibhir guthanna, peirspictíochtaí agus dearcthaí atá mar chuid de shochaí na hÉireann. |
| Guth an pháiste/an scoláire | Beidh cearta na bpáistí cead cainte a bheith acu, agus páirt a ghlacadh i múnlú an churaclaim agus na comhairle measúnaithe a forbraíodh, mar bhonn faoi obair an Ghrúpa Forbartha. |
| Taighde- a bhfuil buneolas faoi | Bainfidh an Grúpa Forbartha úsáid as réimse leathan taighde, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun eolas a dhéanamh dá smaointeoireacht ar churaclam agus measúnú. |
| Nuálaíocht agus freagrúlacht | Fiosróidh an Grúpa Forbartha smaointe agus smaointeoireacht nua de réir mar a chuireann sé le láidreachtaí an chórais oideachais agus mar a fhorbraíonn sé comhairle atá sofhreagrach, chomh maith le bheith nuálach agus uaillmhianach go cuí. |
| Comhleanúnachas, leanúnachas agus dul chun cinn | Tabharfaidh an Grúpa Forbartha aird ar chomhleanúnachas taobh istigh de agus ar fud na n-earnálacha chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn go cuí i dturais oideachais na bpáistí le linn dó a bheith ag léiriú measa ar nádúr agus ar fhéiniúlacht éagsúil gach céime agus earnála. |
| Eagraíocht foghlama | Tacóidh an Grúpa Forbartha le cultúr na foghlama, le linn a chuid oibre le chéile, chun tacú le feabhas an eispéiris oideachais do gach páiste. |

## An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí


Don chomhairliúchán seo, rinne pearsanra ó *Hub na nÓg* na seisiúin sna scoileanna a dhearadh agus a éascú (https://hubnanog.ie/). Tá a gcuid oibre treoraithe ag *An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí*. Tá an creat seo bunaithe ar mhúnla na rannpháirtíochta atá bunaithe ar chearta, forbartha ag an Ollamh Laura Lundy, agus cuimsíonn sé ceithre ghné: Spás, Glór, Lucht féachana agus Tionchar. Is féidir míniú ar gach ceann díobh seo a fheiceáil i bhFíor 1.

Tá sé mar aidhm ag an múnla a úsáidtear ná deis a thabhairt do pháistí a gcuid dearcthaí a chur in iúl sa chinnteoireacht maidir le cúrsaí a bhaineann leo agus lena saolta. Ciallaíonn sé seo:

- faisnéis aoisoiriúnach inrochtana a chur ar fáil dóibh, chomh maith le suíomh agus timpeallacht fheiliúnach ina n-airíonn siad sábháilte agus compordach lena ndearcthaí, tuairimí agus smaointe a chur in iúl
- éascaíocht a dhéanamh ar a léiriú smaointe, ag baint úsáid as modheolaíochta atá aoisoiriúnach, inrochtana, ionas gur féidir leo a gcuid dearcthaí a chur in iúl go hiomlán
- iad a chur ar an eolas maidir le cé a chloisfidh agus a smaoineoidh ar a gcuid dearcthaí, glacadh lena ndearcthaí go dáiríre agus údarás a thabhairt dá dtuairimí laistigh de phróisis chinnteoireachta
- eolas a thabhairt dóibh maidir leis an raon atá acu (lena n-áirítear na srianta) tionchar a imirt ar chinnteoireacht, aiseolas a thabhairt do pháistí maidir leis an tionchar a raibh ag a ndearcthaí agus a dtuairimí ar na cinntí a rinneadh.

Ag teacht chun cinn ón gcur chuige seo, tá an tuarascáil seo treoraithe ag dearcthaí na bpáistí sa chomhairliúchán. Tuairiscítear ann an méid a dúirt siad mar fhreagra ar roinnt príomhcheisteanna. Bhí gach seisiún ar siúl i seomraí agus i hallaí na scoileanna a ghlac páirt ann, agus bhí ball foirne ón scoil i láthair ag gach seisiún.

**Fíor 1. Múnla *Lundy***



# Modheolaíocht

## Réamhrá

Leagtar amach sa chuid seo an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm don chomhairliúchán do pháistí ar Chorpoideachas agus OSPS.

## Ag forbairt na modheolaíochta

Dhear CNCM na réimsí ceiste bunaithe ar dheis na bpáistí tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht laistigh de réimsí curaclaim an Chorpoideachais agus OSPS. Bhí *Hub na nÓg* i gceannas ar dhearadh na modhanna aoisoiriúnacha agus atá feiliúnach do pháistí. Leanann foireann DCEDIY agus *Hub na nÓg* prionsabail an dea-chleachtais agus iad i mbun comhairliúcháin le daoine óga, agus treoraítear ag prionsabail Shamhail *Lundy* agus an Chreata Rannpháirtíochta iad. Ag gach céim deartha na modhanna, glacadh céimeanna chun a chinntiú go raibh deiseanna inrochtana, ionchuimsitheacha ag na páistí, chun a gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl maidir le Corpoideachas agus OSPS, laistigh den phróiseas cinnteoireachta. Cuireadh faisnéis aoisoiriúnach ar fáil do pháistí maidir le cúiseanna don chomhairliúchán agus don ábhar. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis seo maidir le OSPS.

Úsáideadh réimse modhanna chun bealaí éagsúla a chur ar fáil do na páistí, chun freagra a thabhairt ar na príomhcheisteanna a cuireadh. Cuimsítear leis na modhanna, úsáid as mím agus pictiúr reoite, líníocht, freagairt d'íomhánna, scríobh laistigh de theimpléid 'coirp' agus 'crainn', cumarsáid labhartha agus plé.

## Scríbhneoir neamhspleách tuairiscí a cheapadh

Chun a chinntiú go ndearnadh taifeadadh agus léiriú cruinn ar dhearcthaí na bpáistí a ghlac páirt sa chomhairliúchán, coimisiúnaíodh scríbhneoir neamhspleách tuairiscí chun taifeadadh a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus tuarascáil a ullmhú, ina ndéantar cur síos ar dhearcthaí, smaointe agus tuairimí na bpáistí maidir leis an gCorpoideachas agus OSPS.

## Cumhdach Páistí

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas um Chumhdach Páistí, tá CNCM tiomanta trína rannpháirtíocht le páistí, lena sábháilteacht, leas agus forbairt a áirithiú mar chroíchuspóir agus croíthosaíocht. Sular cuireadh tús leis na comhairliúcháin, rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an scríbhneoir neamhspleách tuairiscí, ar éascaitheoirí *Hub na nÓg* agus ar bhaill foirne CNCM a bhí i láthair ag na comhairliúcháin.

## Sampláil

Mar a luadh cheana, bhí gach scoil sa chomhairliúchán seo ina ball d' Fhóram Scoileanna CNCM. Rinneadh machnamh cuí chun a chinntiú gur cineálacha scoileanna éagsúla iad na scoileanna a roghnaíodh. Cuimhníodh ar chúinsí, lena n-áirítear: suíomh – uirbeach agus tuaithe; éiteas – sainchreidmheach agus il-sainchreidmheach; méid – grád amháin agus ilghrád; agus stádas DEIS, nuair a tugadh cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh sa

chomhairliúchán.

Mar atá leagtha amach in Plean Straitéiseach CNCM 2022 – 2025, tá an ionchuimsitheacht agus an éagsúlacht ar cheann de na hocht bprionsabal atá mar bhonn faoi obair CNCM, ag ceadú fhorbairt an churaclaim agus an mheasúnaithe, a aithníonn uathúlacht agus cearta gach páiste agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste chun a gcumas a bhaint amach. Iarradh ar scoileanna aird a tharraingt ar an bprionsabal seo agus cuireadh á thabhairt do pháistí páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán.

## An modheolaíocht a reáchtáil ar bhonn píolótach le Grúpa Comhairleach Ógánach

Don chomhairliúchán seo, bunaíodh Grúpa Comhairleach Ógánach (YAG) chun cabhrú leis an gcomhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach. Cuireann grúpaí comhairleacha bealach ar fáil go mbeadh líon beag páistí páirteach i gcomhairle a thabhairt d'fhorbairt comhairliúcháin. Is bealach thar a bheith luachmhar é a bheith ag obair le grúpa comhairleach, chun comhairliúchán a phleanáil agus a reáchtáil ar bhonn píolótach, le cohórt níos leithne de pháistí. Is bealach an-úsáideach iad grúpaí comhairleacha chomh maith, chun a chinntiú go mbíonn páirt ag páistí agus daoine óga i gcásanna cinnteoireachta, nuair nach féidir le gach páiste sa scoil páirt a ghlacadh.

Bunaíodh YAG i scoil mhór uirbeach le ranganna speisialta. Léirigh na páistí, ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann, réimse leathan cúlraí éagsúla. Reáchtáladh an comhairliúchán píolótach thar dhá lá, leagadh béim ar an gCorpoideachas ar an gcéad lá agus ar OSPS ar an dara lá.

Reáchtáladh an mhodheolaíocht ar bhonn píolótach le YAG agus thug siad aiseolas ar an gcomhairliúchán maidir le conas a cuireadh na ceisteanna agus céard a shíl siad faoi na modhanna a úsáideadh chun na ceisteanna a chur. Úsáideadh ionchur agus aiseolas na bpáistí chun an mhodheolaíocht dheiridh a dhearadh agus leagan amach na gcomhairliúchán. Tá freagraí na bpáistí ar na ceisteanna a cuireadh le linn an chomhairliúcháin phíolótaigh le fáil in anailís na tuarascála. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le héisteacht le guthanna na bpáistí, agus a gcuid dearcthaí, tuairimí agus smaointe maidir le Corpoideachas agus OSPS a chur san áireamh, in éineacht leis na trí scoil eile sa chomhairliúchán.

Mar thoradh ar an aiseolas ón YAG, rinneadh athrú ar leagan amach cheisteanna na Laethanta Píolótacha. Leagtar amach an t-athrú seo sna táblaí seo a leanas:

**Tábla 1:** Athruithe ar na ceisteanna ó Lá Píolótach Corpoideachais go dtí laethanta ina dhiaidh

| **Ceisteanna a cuireadh ar an Lá Píolótach Corpoideachais** | **Ceisteanna a cuireadh sna seisiúin Chorpoideachais i ndiaidh an lae sin** |
|---|---|
| C.1. 'Cad a dhéanann tú i gCorpoideachas?' | *Cuireadh ceisteanna 1, 2 agus 3 ar an Lá Píolótach* |
| C.2. 'Céard a thaitníonn leat faoi Chorpoideachas?' | |

| | |
|---|---|
| C.3. 'Céard nach dtaitníonn leat faoi Chorpoideachas?' | |
| Q.4. 'Dá bhféadfá do rogha ruda a dhéanamh, céard iad na rudaí a dhéanfaí i gCorpoideachas?'<br>Q.5. 'Cén chaoi a bhfuilimid in ann a chinntiú gur féidir leis na páistí ar fad sásamh a bhaint as seisiúin Chorpoideachais agus foghlaim iontu?'<br><br>*Tugadh roinnt deacrachta in iúl in aiseolas na bpáistí maidir le rún an dá cheist sin; dá bharr sin, cuireadh Ceist 4 (os comhair) ina n-áit sna laethanta ina dhiaidh sin.* | C.4. 'Dá mba thusa an príomhoide do lá amháin, cén plean a bheadh agat le haghaidh corpoideachais don lá sin?' |

**Tábla 2:** Athruithe ar na ceisteanna ó Lá Píolótach OSPS go dtí laethanta ina dhiaidh sin

| **Ceisteanna a cuireadh ar Lá Píolótach OSPS** | **Ceisteanna a cuireadh sna seisiúin OSPS i ndiaidh an lae sin** |
|---|---|
| C.1. 'Céard atá á fhoghlaim agat in OSPS?' | *Cuireadh C.1. ar an Lá Píolótach* |
| C.2. 'Cad ba mhaith leat foghlaim fút féin agus faoi shaol sláintiúil a bhaint amach?' agus<br>'Céard ba mhaith leat foghlaim faoi do chuid cairde, faoi do theaghlach agus daoine eile agus faoin gcaoi a bhfuilimid ar fad mar chuid den saol seo le chéile?'<br>*Mar atá leagtha amach anseo, thug roinnt páistí - rang a 3 agus a 4 go háirithe - le fios nó dúirt siad go raibh na ceisteanna casta. Rinneadh cinneadh chun an cheist a athrú go dtí 'céard faoi ar mhaith leat foghlaim in OSPS?', agus úsáideadh an cheist seo freisin sna trí scoil eile.* | C.2. 'Céard faoi ar mhaith leat a fhoghlaim in OSPS?' |
| C.3. 'Agus tú ag foghlaim fút féin, faoi do theaghlach agus faoi dhaoine eile, céard a thabharfadh cúnamh duit do smaointe agus tuairimí a roinnt?' | C.3. 'Céard a chuideodh leat aireachtáil sábháilte agus ar do shuaimhneas le linn duit a bheith ag foghlaim in OSPS?' |
| C.4. 'Dá mba thusa príomhoide scoil shamhailteach ar feadh lae . . .'<br>*Tugadh cuireadh do pháistí machnamh a dhéanamh ar Chorpoideachas agus OSPS maidir le freagra a thabhairt anseo. Cuireadh an cheist seo ar an Lá Píolótach OSPS amháin* | *De bharr cúrsaí ama, níor cuireadh an cheist seo i seisiúin sna trí scoil eile le haghaidh OSPS. Bhí píolótú na ceiste seo mar chrann taca ag athrú an mhodha agus fhoclaíocht an ceiste le haghaidh C4 den chomhairliúchán corpoideachais* |

## Anailís ar shonraí

Bhí freagraí ó bhéal na bpáistí, na pictiúir agus léaráidí a tharraing siad, agus a dtráchtanna scríofa ar chairteacha agus ar theimpléid a úsáideadh do na seisiúin Chorpoideachais agus OSPS araon, i gceist leis na sonraí ó na seisiúin chomhairliúcháin. Rinneadh a bhfreagraí agus a n-ionchur do gach ceist a anailísiú go téamach laistigh de gach ábhar, agus is dá réir sin a léirítear sa tuarascáil seo iad. Tá na coincheapa agus ceisteanna coiteanna a thagann chun cinn i gCorpoideachas agus OSPS, a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do lucht féachana na tuarascála seo, le fáil i gconclúid na tuarascála.

# Ag cur an chomhairliúcháin i láthair

I ngach scoil, ba é Corpoideachas an t-ábhar a pléadh le linn an chéad choda den lá; bhain an OSPS leis an dara seisiún. Tar éis achoimre tosaigh ar na ceithre ghné atá mar bhonn faoin gcomhairliúchán, rinneadh gach seisiún a leagan amach thart ar líon beag príomhcheisteanna bunaithe ar smaointe agus taithí na bpáistí ar an ábhar a bhí á fhiosrú. Fuarthas agus rinneadh taifeadadh ar a bhfreagraí i scríbhinn, agus in ábhar na gcairteacha agus na n-ábhar ó bhéal agus maisithe eile a chruthaigh agus a chríochnaigh na páistí le linn na seisiún.

Bhí na páistí ó rang a Trí go rang a Sé. Ghlac na páistí páirt i ngníomhaíochtaí iomlánacha nó i ngrúpaí ar an lá. Nuair ab fhéidir, cuireadh grúpáil leibhéal ranga ar leith (Tríú/Ceathrú agus Cúigiú/Séú) i bhfeidhm. Mar sin féin, sa chás go raibh líon na ranganna neamhchothrom, níorbh fhéidir é seo a éascú. Chun an ionchuimsitheacht a éascú, bhí míreanna súgartha ar fáil d'aon pháiste a raibh fonn air iad a úsáid.

Rinneadh na réamhráite uilig, le hionduchtú agus leagan amach soiléir de chuspóirí an lae:

- cuireadh comhairle ar fáil do na páistí go raibh siad ag glacadh páirt sa seisiún dá ndeoin féin, agus go raibh an rogha acu labhairt nó gan labhairt, agus de cheart acu tarraingt siar ag am ar bith. Cuireadh in iúl do na páistí nach bhfuil aon fhreagra ceart nó mícheart ann, agus go bhféadfaidís a gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl ar an mbealach is compordaí dóibh, trí tharraingt, scríobh nó labhairt, nó trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa.
- cuireadh in iúl do na páistí go ndéanfaí taifeadadh ar a gcuid dearcthaí i bhfoirm scríofa agus go bhfoilseofaí iad i dtuarascáil gan mhoill, ach go ndéanfaí a gcuid focal anaithnid
- insíodh dóibh cén lucht féachana a léifeadh an tuarascáil, agus míníodh dóibh, cé go nglacfaí lena ndearcthaí go dáiríre, seans nárbh fhéidir gach rud a mholann siad a dhéanamh. Cuireadh in iúl do na páistí go míneofaí dóibh cén fáth nach bhfuil an rud a mhol siad indéanta, má mholtar rud éigin dodhéanta.
- bhí cóip de Ráiteas Cosanta Páistí *Hub na nÓg* ar taispeáint le linn na seisiún, agus míníodh do na páistí, dá gcuirfeadh aon pháiste in iúl don fhoireann go raibh siad i gcontúirt nó i mbaol i gcás ar bith, go mbeadh ar an bhfoireann é seo a insint do na húdaráis fhreagracha. Ag cuimhneamh air seo, iarradh ar na páistí gan nascadh le nó scéalta pearsanta a phlé sna grúpaí, ach dá mbeadh imní orthu faoi chás pearsanta, gur cheart dóibh é a chur in iúl go príobháideach do bhall foirne i rith an lae.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo le cuntas ar na seisiúin chomhairliúcháin a rinneadh le páistí faoi Chorpoideachas, agus tugtar cuntas ar na seisiúin maidir le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte ina dhiaidh sin. Tá freagraí, tráchtanna agus ionchur uile na bpáistí bailithe le chéile ó na ceithre scoil a ghlac páirt ann.

# Comhairliúchán ar Chorpoideachas

Cuireadh tús le gach seisiún le cluiche chun aithne a chur ar a chéile. (Úsáideadh réimse cluichí sna ceithre scoil). Roghnaíodh cluichí bunaithe ar an ngrúpdhinimic agus ar an spás a bhí ar fáil.

## Ceist 1: Céard a dhéanann tú i gCorpoideachas?

Is í an chéad cheist a cuireadh ar na páistí ná **'Céard a dhéanann tú i gCorpoideachas?'** Ba iarratas í an mhodheolaíocht a úsáideadh anseo ar na páistí chun gníomhaíocht a dhéanfaidís le linn ceacht Corpoideachais a mhímeáil. Nuair a stop siad a ngníomhaíochtaí nuair a iarradh orthu é, iarradh orthu an ghníomhaíocht a ainmniú chomh maith leis an gcluiche, spórt nó gníomh a raibh sí bainteach leis. Rinne na páistí tagairt dá ngníomhaíochtaí maidir le scileanna nó gluaiseachtaí a d'fhoghlaim siad agus ar bhain siad sásamh astu.

Cuimsíodh leis na freagraí réimse leathan gníomhaíochtaí gluaiseachta ar fud na scoileanna ar fad. Ligeadh cead réimse áiseanna agus trealamh a bheith i ngach scoil, agus bhí réimse na n-eispéireas Corpoideachais fairsing. Maidir leis an gcuraclam Corpoideachais reatha, rinneadh cuntas ar fhoghlaim ar fud na sé shnáithe: Lúthchleasaíocht, Damhsa, Gleacaíocht, Cluichí, gníomhaíochtaí Allamuigh agus Eachtraíochta, agus Uiscíocht.

Luadh cluichí liathróide san fhoghlaim Corpoideachais den chuid is mó: peil, cispheil, seachain, rugbaí leaiste agus eitpheil. I measc na gcluichí nár luadh chomh minic céanna bhí: haca, líonpheil agus cluiche corr. Bhí lúthchleasaíocht, gleacaíocht agus damhsa beagán níos neamhchoitianta ná na cluichí liathróide. Tuairiscíodh meascán spóirt teagmhála agus gan teagmháil. I measc na gcluichí agus gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin, bhí, snámh, badmantan, treodóireacht, leadóg bhoird, scipeáil, leadóg agus ióga. Luaigh roinnt páistí spóirt ar ghlac siad páirt iontu lasmuigh den scoil, amhail CLG áitiúil nó clubanna sacair, grúpaí lúthchleasaíochta nó snámha.

Fíor 2. Roghnúchán athfhriotail ó pháistí mar fhreagairt ar cheist a haon




Baineadh úsáid as cur chuige trí iarraidh orthu a ngníomhaíochtaí Corpoideachais ina scoil agus ina bpobal a liostú chun deis a thabhairt do pháistí labhairt ar a bhfuil ar eolas acu

bunaithe ar a dtaithí phearsanta agus bhí sé úsáideach mar thús, de bharr gur fheidhmigh sé chun an grúpa ar fad a chur ar an eolas faoin réimse leathan gníomhaíochtaí gluaiseachta, ar ghlac siad agus daoine eile páirt iontu. Lena chois sin, leagadh béim ar an réimse gníomhaíochtaí dá leithéid sin, do cheisteanna a cuireadh ar na páistí ina dhiaidh sin. Chuir na ceisteanna deireanacha leis an réimse gníomhaíochtaí ar ghlac na páistí páirt iontu.

## Ceist 2: Céard a thaitníonn leat faoi Chorpoideachas?

Is é is cúis leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm don cheist seo ná chun 'léarscáileanna coirp' a chur ar fáil do na páistí a bhí roinnte ina ndá ghrúpa. Ba theimpléid mhóra chárta iad seo agus bhí cruth imlíne duine ar gach ceann acu (féach Fíor 3 thíos). Tugadh treoir maidir le húsáid an teimpléid .i., níor mhór na freagraí don cheist faoi na rudaí a 'thaitníonn leo' a scríobh laistigh d'imlíne an choirp, agus freagraí ar an gceist ina dhiaidh faoi na rudaí 'nach dtaitníonn' leo a scríobh lasmuigh d'imlíne an choirp. Is féidir na léarscáileanna coirp go léir a chruthaigh na páistí a fheiceáil in Aguisíní 1-4.

Tháinig roinnt príomhthéamaí chun cinn ó fhreagraí na bpáistí:

1. **Sásamh as gnéithe sóisialta:** *'ag imirt le do chuid cairde'*; *'ag obair le chéile … lena chéile agus le cóitseálaithe … '*; *'an sóisialú agus gníomhaíochtaí – comórtas cairdiúil'*; *'is féidir aithne a chur ar dhaoine eile trí Chorpoideachas'*; *'Is féidir ceangal níos láidre amhail trusta a chruthú trí bheith ar fhoireann le cairde'*.
2. **Sásamh as an spraoi:** '*is ar mhaithe le spraoi atá sé ní ar mhaithe le buachan*'; '*tá peil Mheiriceánach an-spleodrach*'; *'Ní maith liomsa ach cluichí spraíúla'*; *'Is maith liom cispheil a imirt de bharr go bhfuil sí spraíúil agus iomaíoch agus is maith liom treodóireacht de bharr go bhfuil sí spraíúil agus sórt deacair ach is maith liom an dúshlán'*; *'is spraíúil í an deifir a bhaineann le Corpoideachas'*.
3. **Sásamh as bheith amuigh faoin aer** *'Ag dul amach'*; *'ag imirt ar an bhféar'*; *'aer úr'*; *'a bheith taobh amuigh'*; *'ag dul amach as an seomra ar mhaithe le haclaíocht'*. Luaigh roinnt páistí freisin gur thaitin siad an sos ón seomra ranga, a cuireadh ar fáil i gCorpoideachas.
4. **Rogha a bheith agat sa ghníomhaíocht:** '*Roghnú céard iad na gníomhaíochtaí atáimid ag iarraidh a dhéanamh i gCorpoideachas; 'rogha a fháil ón múinteoir … nach bhfuil aon iallach orainn'*; *'deis a fháil maidir le cén cluiche le himirt'*. (Is fiú a lua ag an bpointe seo go raibh i bhfad níos mó teachtaireachtaí sa cheist 'mícheanáin' mar thoradh ar easpa rogha i ngníomhaíochtaí Corpoideachais a tháinig tar éis an chinn seo).
5. **Feasacht ar na tairbhí sláinte:** Bhí feasacht shuntasach ag na páistí níos sine ar na tairbhí a théann le gníomhaíocht coirp, go fisiciúil, ach go sóisialta, agus le haghaidh meabhairshláinte agus folláine shíceolaíoch. Cuimsíodh lena dtráchtanna: '*Déanann Corpoideachas maitheas do do shláinte*'; '*Aer úr* [mar bhuntáiste]'; '*Is féidir le Corpoideachas do mheabhairshláinte a fheabhsú*'; *'Is féidir leis áthas a chur ort'*; *'Is féidir le Corpoideachas thú a láidriú go fisiciúil agus go meabhrach'' 'Is féidir leis d'aird a bhaint de chúrsaí saoil'*; *'Dúisíonn sé thú i lár an lae ar bhealach'*.

Bhí baint ag na freagraí eile le háit na hiomaíochta i gCorpoideachas. Níor luaigh ach roinnt páistí go raibh iomaíocht tábhachtach: '*buachan, agus ionsú agus scóráil*'; agus leag roinnt eile béim ar '*iomaíocht chairdiúil, níl aon cháil duit a bheith ar an duine is fearr*', agus '*Ní maith liom ach cluichí spraíúla a imirt*', gan tagairt a dhéanamh d'iomaíocht ag an bpointe seo.

Is minic a d'ainmnigh na páistí óga na gníomhaíochtaí a thaitin leo. Rinne roinnt páistí tagairt do threalamh imeartha sa chlós scoile nó sa chlós súgartha. Is iad na páistí níos sine a léirigh na rudaí a thaitin leo níos sonraithe, i bhfoirm na dtagairtí 'tairbhí sláinte' thuas. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin, cé go raibh an chuid is mó de na páistí ag déanamh tagairt dá n-eispéiris Chorpoideachais ar scoil, rinne roinnt páistí tagairt shoiléir do na gníomhaíochtaí spóirt a raibh siad páirteach iontu ina bpobail áitiúla.

## Ceist 3: Céard nach dtaitníonn leat faoi Chorpoideachas?

Chuir páistí sna scoileanna go léir a ghlac páirt in iúl, céard nach dtaitníonn leo faoina dtaithí Chorpoideachais. Tugtar achoimre anseo ar phríomhphointí míshástachta na bpáistí, ina luaitear go leor dá ráiteas:

1. **Easpa rogha agus éagsúlachta:** (Is é seo an chúis is minic a luadh lena bheith míthaitneamhach). '*Gan rogha a fháil maidir leis na spóirt a imrímid*'; '*Táimid ag iarraidh cluichí a mholadh*'; '*Níos mó neamhspleáchais a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanaimid i gCorpoideachas*'; '*Ba cheart go mbeadh vótaí againn chun rudaí a dhéanamh i gCorpoideachas*'; '*An rud céanna i ngach ceacht*'; '*Is é CLG amháin a bhíonn ann i gcónaí – ní dhéanaimid spóirt eile*'; '*In amanna déanaimid an spórt céanna ar feadh míosa – bheadh muid níos fearr as spórt eile a dhéanamh gach seachtain*'.
2. **Easpa ama:** '*Tuilleadh ama a chur ar leataobh le haghaidh Corpoideachais – táimid ag iarraidh níos mó ama*'; '*Nuair nach mbíonn mórán ama agat chun cluiche a chríochnú*'; '*Níl ann ach uair sa tseachtain*'; '*ba cheart go mairfeadh ceacht amháin uair an chloig – níl dóthain ama ann*'.
3. **Mícheanúlacht maidir le gníomhaíochtaí a gceaptar nach bhfuil gá leo:** '*Ní maith liom gróigeadh, dreapadóirí sléibhte, léimneach, agus tapáil do mhéara coise - is cur amú ama iad, tógann siad an iomarca ama agus ní bhíonn dóthain ama againn gníomhaíochtaí a dhéanamh dá mbarr*'; '*ní maith liom téamh suas – b'fhearr liom cluiche a dhéanamh*'; '*Cuarda a rith*'; '*Searradh*'; '*foghlaim le siúl agus rith agus léimneach – is cur amú ama atá ann – b'fhearr cluichí agus spóirt a imirt*'.
4. **Mícheanúlacht maidir le gníomhaíochtaí ar leith, cluichí:** '*Ní maith liom ióga a dhéanamh de bharr go bhfuil sé leadránach dar liom, níl sé suaimhneach mar is cóir*'; '*Is maith liom gach rud seachas ióga*'; '*Ní maith liom damhsa Gaelach*'; '*Ní maith liom sacar mar chluiche, is féidir leis éirí garbh agus mífhéaráilte*'; '*Ná CLG de bharr go mbuaileann daoine thú go minic*'.
5. **Dearcthaí ar éagothroime:** '*Má bhítear ag imirt cluichí, teastaíonn réiteoir - is minic a bhíonn an ceart ag an múinteoir*'; '*Bíonn daoine ann a thaitníonn níos fearr le cóitseálaithe ná daoine eile*'; '*déanfaidh daoine eile iarracht é a scriosadh, cuireann sé isteach ar an rang ar*

*fad'; 'Ní maith liom é nuair a fhaigheann daoine an deis a gcairde a phiocadh le bheith ar an bhfoireann chéanna … roghnaíonn siad na daoine a bhfuil scil acu ann'; 'An múinteoir ag roghnú na bhfoirne'.*


6. **Caimiléireacht agus na rialacha a shárú:** *'Caimiléirí i gCorpoideachas agus ní deir siad nuair a bhíonn an liathróid as an imirt'; 'nuair a ligtear pointí breise le daoine nó nuair a bhíonn siad ag caimiléireacht'; 'Múinteoir ag caimiléireacht'; 'Déanann daoine iarracht déanamh amach gur tusa is cúis leis an trioblóid nuair is iadsan is cúis léi'; 'Ní maith liom peil Ghaelach de bharr go bhfuil sí sách garbh agus insíonn roinnt daoine bréaga chun an ceann is fearr a fháil ar an bhfoireann eile'.*
7. **Daoine nach gcailleann i bpáirt mhaitheasa:** *'Nuair nach gcailleann daoine i bpáirt mhaitheasa'; 'Nuair a bhíonn daoine ag déanamh gaisce nuair a bhuann siad';*

*'Seafóid chainte ag deireadh na gcluichí'; 'Nuair nach gcailleann duine i bpáirt mhaitheasa'.*

8. **Imirt gharbh:** *'Tá gach duine ag brú isteach ina chéile'; 'ní maith liom é nuair a ghortaítear daoine d'aon turas agus muid ag imirt peile'; 'ní maith liom sacar de bharr go bhféadfaidh an cluiche éirí garbh agus éagothrom'; ''daoine ag éirí feargach'; 'Éiríonn daoine ró-iomaíoch in amanna'; 'Ceapann daoine go bhfuil mise garbh de bharr go bhfuil mé níos láidre'; 'bíonn troideanna i bpeil i gcónaí agus iarrann an múinteoir orthu éirí as'; 'Deir an múinteoir gurb é seo an uair dheireanach ach ní bhíonn sé socraithe riamh agus coinníonn sé air ag dul ar aghaidh'.*

9. **Ceisteanna fisiciúla/céadfacha:** *'Nuair a bhíonn orm fanacht nó go mbeidh Corpoideachas thart le go bhfaighe mé deoch'; 'Ag snámh in uisce fuar'; 'Ní maith liom Corpoideachas a dhéanamh sa gheimhreadh nuair atá sé náid chéim, agus sa samhradh níl dóthain ama againn le haghaidh Corpoideachais agus tá sé róthe'; 'Ag cur allais'; 'Bíonn sé tuirsiúil nuair a éiríonn sé te agus éiríonn tusa te dá bharr'; 'Nuair a thiteann tú agus breathnaíonn gach duine ort'; 'Nuair a ghortaítear thú'; 'A bheith séidte'; 'Nuair a bhíonn go leor reatha déanta agat'; 'An boladh sa seomra ranga tar éis Corpoideachais'; 'Éadaí greamaitheacha'; ''A bheith róthuirseach don chuid eile don rang'; 'Deacair díriú ar do chuid oibre tar éis Corpoideachais'.*

**Fíor 3: Sampla de léarscáil an choirp ina bhfuil freagraí ó pháistí ar Cheist 3 de Chorpoideachas**




Is é ábhar na gceachtanna nó na ngníomhaíochtaí iad féin a spreag cuid de mhíshásamh na bpáistí, agus go háirithe, an easpa roghnachais a cheap siad a bhí ann maidir leis an rud a bhí siad in ann a imirt, agus ba théama láidir a bhí ann. Léirigh siad gur mhaith leo níos mó roghanna a bheith acu. Luadh ceisteanna eagraíochtúla faoi Chorpoideachas freisin, amhail easpa ama a bheith acu le haghaidh cluiche, nó múinteoir ag roghnú na gcaptaen. Bhí baint ag ceisteanna suntasacha eile le hiompraíocht na bpáistí féin le linn gníomhaíochtaí Corpoideachais, agus is iomaí tagairt a rinneadh d'imirt gharbh agus do chaimiléireacht. Is mórfhadhbanna iad cothroime, agus breathnóireacht nó neamhbhreathnóireacht ar na rialacha do na páistí, agus cháin cuid acu na múinteoirí agus na cóitseálaithe nár chuir na rialacha i bhfeidhm go diongbháilte.

## Ceisteanna 4 agus 5. Dá bhféadfá do rogha rud a dhéanamh, céard iad na rudaí a dhéanfaí i gCorpoideachas? Cén chaoi a bhfuilimid in ann a chinntiú gur féidir leis na páistí ar fad sásamh a bhaint as seisiúin Chorpoideachais agus foghlaim iontu?

**Tabhair faoi deara:** Cuireadh an dá cheist seo san fhormáid seo ar an lá píolótach amháin. (Féach na sonraí sa chuid Modheolaíocht).

Is iad na ceisteanna a chuir an deis ar fáil do na páistí a bhfoghlaim a shamhlú i gceachtanna Corpoideachais agus iad tugtha chun foirfeachta. Tá réimse dá bhfreagraí a leanas anseo, iad le chéile ar mhaithe le gontacht, agus grúpáilte de réir na bpríomhthéamaí:

1. **Ba cheart go mbeadh Corpoideachas taitneamhach:** *'I saol gan locht, réiteodh gach duine le chéile agus imreoidís go féaráilte'; 'Stop den chaimiléireacht'; 'Meileann sé spraoi an Chorpoideachais'; 'Bíodh Corpoideachas faoin spraoi, ní faoin mbuachan'; 'Bíodh sé éasca agus simplí'; 'Ná bíodh aon imirt gharbh ar bith ann ná daoine ag éirí brónach'.*
2. **Cothroime:** *'Bíodh na foirne cothrom'; 'Cuir iallach ar na captaein cailín a phiocadh agus buachaill*

*ansin, ní buachaillí amháin'.*

3. **Roghanna agus cinntí:** *'Tabhair vóta do gach duine agus pioc cibé rogha is coitianta, agus is é sin an cluiche ar an lá sin'; 'Chaithfeadh níos mó roghanna agus cinntí a bheith ann maidir le céard iad na cluichí nó spóirt atá siad ag iarraidh a imirt'; 'Tá sé tábhachtach go mbainimid triail as rudaí nua ionas go mbeidh a fhios agat más rud é go bhfuil tú ag iarraidh iad a dhéanamh arís'; 'Ba cheart do na cóitseálaithe éisteacht le gach duine agus tuairimí na scoláirí ar fad a chur san áireamh'.*
4. **Ná tabhair breithiúnas ar dhaoine:** *'Ná tabhair breithiúnas orthu maidir lena fheabhas nó a dhonacht atá siad'; 'Ní bheidh scil agat i ngach rud'; 'Ná bíodh aon duine ag casaoid nuair a chailleann siad cúl'; 'Páistí gan a bheith ag tabhairt íde béil dá chéile mura bpasálann siad an liathróid dá chéile'; 'Caithfidh tú a bheith ar an duine is tapúla [agus] is láidre le go mbeidh meas ort i gCorpoideachas – ba cheart go dtabharfaí deis do gach duine chun spóirt a imirt'.*
5. **Bíodh gach duine páirteach agus rannpháirteach:** *'Ná fág duine ar bith amach nuair atáthar ag roghnú na bhfoirne, beag beann ar a fheabhas nó a dhonacht atá siad - múin scil nó dhó dóibh'; 'Cinntigh go bhfuil rud éigin le déanamh ag gach duine'; 'Ba cheart go míneofaí na rialacha go han-soiléir ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cén chaoi chun an cluiche a imirt'; 'Abair leo cén chaoi le himirt agus bíodh siad rannpháirteach ann'; 'Is iomaí duine nach dtaitníonn spóirt leis agus ba cheart go mbeadh meas againn orthu ar aon chaoi'; 'Murar mhaith le daoine páirt a ghlacadh sa chluiche is féidir leo rud éigin eile a imirt nó siúil thart le cairde . . nó cúnamh a thabhairt do na cóitseálaithe'.* Scríofa ag duine de na páistí bhí '*ná tugadh aon duine breithiúnas de bharr na ndathanna'*. Dúirt sé leis an éascaitheoir gur thug daoine breithiúnas air de bharr dhath a chraicinn nuair a tháinig sé go hÉirinn den chéad uair.

## Ceist 4. Dá mba thusa an príomhoide do lá amháin, cén plean a bheadh agat le haghaidh corpoideachais don lá sin? (Leasaithe)

**Tabhair faoi deara:** Bunaithe ar an aiseolas ó YAG, cuireadh an cheist seo ag na comhairliúcháin ag trí cinn de na scoileanna
tar éis an lae phíolótaigh, agus cuireadh ceisteanna eile isteach in áit Cheist 4 agus 5 ón lá píolótach).

Is í seo a leanas an cheist iomlán a cuireadh ar na páistí: *Samhlaigh gur thusa príomhoide scoile samhailtí don lá seo. Mar phríomhoide is féidir leat cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid a tharlóidh i gCorpoideachas ar an lá sin. Mar gheall go bhfuil an scoil inár samhlaíocht, mar sin, níl aon cháil duit imní a dhéanamh faoin gcostas a bheidh ar rudaí nó dá mbeadh sé praiticiúil iad a dhéanamh, agus is féidir smaoineamh ar rud ar bith is mian leat dá réir. Inár scoil shamhailteach, tá na páistí ar fad an-éagsúil óna chéile. Tagann siad ó thíortha éagsúla, is maith leo go leor rudaí difriúla, agus is maith le roinnt acu rudaí éagsúla agus tá scil acu iontu agus is é a fhearacht sin ag páistí eile maidir le rudaí eile. Dá mba thusa an príomhoide inár scoil shamhailteach do lá amháin, cén plean a bheadh agat le haghaidh Corpoideachais ar an lá sin?*

Mar fhreagra ar an gceist, thapaigh na páistí an deis smaoineamh "as an nua" chun foirgneamh a scoile agus na háiseanna ann a athshamhlú le haghaidh réimse níos leithne deiseanna maidir le corpoideachas. Tugadh saoirse iomlán chruthaitheach dóibh chun scoil a shamhlú ina bhfuil gach acmhainn ar féidir cuimhneamh uirthi chun freastal ar réimse leatha deiseanna maidir le corpoideachas.

Tháinig réimse éagsúil freagraí chun cinn, agus rinneadh machnamh sna freagraí sin ar dhearcthaí na bpáistí ó scoileanna éagsúla. Díríodh cuid acu ar áiseanna a liostú agus ar threalamh, mar shampla, chuir grúpa amháin coincheap sheomra na gcéadfaí i láthair mar acmhainn riachtanach. Mhol cuid eile acu gníomhaíochtaí nach samhlaítear go hiondúil leis an gcuraclam Corpoideachais, agus leas á bhaint as inspioráid ó ionaid spóirt nó ó eispéiris saoire.

In amanna ba iad na céadroghanna indibhidiúla a mhúnlaigh na tograí, mar shampla, mhol cuid de na páistí gníomhaíochtaí amhail damhsa Gaelach agus marcaíocht ar chapall. Bhí díocas ar roinnt páirtí chun na gníomhaíochtaí fisiciúla nua a thabhairt isteach sa churaclam, mar shampla, caitheamh aimsire amuigh faoin spéir amhail ziplíneáil agus parafaoileoireacht. I dteannta leis an méid sin, d'aithin cuid de na freagróirí nach bhfuil na páistí ar a gcompord le gníomhaíochtaí fisiciúla ar leith agus d'fhéadfadh go dteastódh spreagadh uathu chun iniúchadh a dhéanamh ar chaitheamh aimsire nua agus ar chaitheamh aimsire a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach.

Bhí baint ag moltaí eile ó na páistí le fad agus struchtúr an Chorpoideachais ina scoil gan locht. Léirigh roinnt mhaith acu go dtaitneodh seisiúin Chorpoideachais go mór leo, agus shamhlaigh cuid acu laethanta ar fad a bhí tiomnaithe do Chorpoideachas. Chomh maith leis sin, mhol roinnt páistí smaointe nuálacha lena n-áirítear éadaí Corpoideachais tiomnaithe do cheachtanna Corpoideachais agus cuireadh a thabhairt do dhaoine mór le rá i gcúrsaí spóirt chun scileanna agus léargais luachmhara a thabhairt do na páistí.

Mhol roinnt páistí ainmhithe a thabhairt isteach sna gníomhaíochtaí Corpoideachais, agus mhol cuid eile acu rialacha nua a chruthú le haghaidh Corpoideachais, amhail cead a ligean do pháistí imirt ar an bhféar. Mhol siad níos mó ionchuimsitheachta freisin trí mholadh go n-imreodh cailíní agus buachaillí le chéile le linn seisiúin Chorpoideachais, agus d'aithin siad nárbh é seo an gnás a bhíonn ann i gcónaí ina ranganna Corpoideachais faoi láthair.

Leagtar amach sampla de fhreagraí i bhFíor 4.

## Fíor 4. Rogha freagraí ar cheist a ceathair

| | | | |
|---|---|---|---|
| *An trealamh ar fad a theastódh uait* | *Gunnaí urchair Airsoft* | *Iarracht thrialach do gach cineál spórt - lig cead do na páistí triail a bhaint astu ar fad go bhfeice siad céard a thaitneodh leo, rogha a thabhairt do gach duine, go háirithe do na daoine b'fhéidir nach mbeadh réidh chun rudaí nua a thriail* | *Seomra gleacaíochta ina bhfuil an trealamh giomnáisiam ar fad* |
| *Lig cead do dhaoine imirt ar an bhféar* | *Imríonn na buachaillí agus na cailíní ar fad le chéile ach ní hé sin an gnás sna scoileanna ar fad* | *Tóg linn snámha don scoil* | *Clúdaigh spóirt agus gníomhaíochtaí éagsúla* |
| *Bíodh éadaí Corpoideachais ag an scoil* | *Níos mó ama le haghaidh CLG* | *Tóg linn snámha don scoil* | *Tabhair cuireadh do dhaoine atá mór le rá i saol an spóirt amhail Messi chun scileanna a mhúineadh dúinn* |
| *Bíodh Sraith na gCuradh sa scoil – b'fhéidir rang a 2 go dtí rang a 6 - agus coirn againn* | *Bíodh uair an chloig de Chorpoideachas againn ar a laghad* | *Lig cead do dhaoine imirt ar an bhféar* | *Mílte de luascáin* |
| *Sleamhnán uisce* | *Stáitse le haghaidh damhsa Gaelach* | *Cúirt chispheile* | *Loch le haghaidh cadhcála* |
| *Limistéar sciála ziplínte* | *Balla dreapadóireachta* | *parafaoileoireacht* | *Teach crainn* |
| *Seomra ciúin (chun mé a chur ar mo shuaimhneas)* | *Gunnaí urchair Airsoft* | *Galfchúrsa le haghaidh galf mearaí* | *Seomra gleacaíochta ina bhfuil an trealamh giomnáisiam ar fad* |
| *Marcaíocht ar chapall* | *Seomra na gcéadfaí* | *Trampailín ollmhór* | *Eitpheil ar an trá* |
| *Cúrsa bacainní iomlán* | *Bíodh níos mó áiseanna Corpoideachais againn, mar shampla níos mó liathróidí, d'fhéadfaimis ar fad cleachtadh a dhéanamh linn féin, de bharr go bhfuil 28 duine inár rang, ní bhíonn ár ndóthain againn riamh* | *Dá bhféadfaimis ár rogha rud a dhéanamh i gCorpoideachas, ach le bheith réadúil, ní féidir linn gach rud a dhéanamh!* | *Lá spóirt ar ar féidir le gach duine triail a bhaint as gach rud – faigheann siad duaiseanna as triail a bhaint as rudaí atá nua.* |

*Lig cead do dhaoine nach bhfuil ag iarraidh spóirt a dhéanamh rud éigin eile a dhéanamh a thaitníonn leo.*

# Comhairliúchán ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Tugtar cuntas sa chuid seo den tuarascáil ar na seisiúin chomhairliúcháin a reáchtáladh le páistí i gceithre scoil, maidir le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Tá freagraí, tráchtanna agus ionchur uile na bpáistí bailithe le chéile ó na ceithre scoil.

Cosúil leis na seisiúin chomhairliúcháin ar an gCorpoideachas, rinneadh na réamhráite uilig, le hionduchtú agus leagan amach soiléir de chuspóirí an lae. (Féach na sonraí sa tuarascáil roimhe seo maidir leis an gcomhairliúchán Corpoideachais). Cuireadh tús le gach seisiún le cluiche chun aithne a chur ar a chéile. (Úsáideadh réimse cluichí thar na ceithre scoil).

## Ceist 1. Céard atá á fhoghlaim agat in OSPS?

Is í an chéad cheist a cuireadh ar na páistí ná **'Céard atá á fhoghlaim agat i gceachtanna OSPS?'** Baineadh úsáid as grafaic eolais (féach Fíor 1 thíos) chun tacú leis an modheolaíocht anseo. Is é an aidhm a bhí ann anseo ná faisnéis chuí a thabhairt do pháistí faoin ábhar ionas go bhféadfaidís tuairimí eolasacha a chruthú ar réimse na gceachtanna agus na n-ábhar a bhféadfaidís teacht orthu ina gceachtanna OSPS. Ceapadh go raibh sé seo feiliúnach de bharr réimse na gceachtanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist le OSPS, mar aon leis an bhféidearthacht nár aithin páistí ceacht faoi leith mar cheacht a dhéanfaí i rang OSPS. Bhí cúpla freagra drogallach ann ar cheist an éascaitheora ar dtús 'céard dó a seasann OSPS?' inar léiríodh an pointe eile, fearacht na ceiste a chuir páiste amháin 'céard go díreach atá i gceist le OSPS?'.

Bhí roinnt íomhánna daite a bhí feiliúnach do pháistí san áireamh leis an ngrafaic eolais (15) inar léiríodh réimse snáitheanna agus ábhar gaolmhar sa churaclam reatha OSPS (1999). Ar an lá píolótach, ní raibh aon lipéad ná mínithe i gceist leo seo, seachas trí cinn acu. Mar a mhol na páistí, cuireadh focail ábhartha leis na híomhánna le haghaidh laethanta comhairliúcháin ina dhiaidh sin. Leagadh na pictiúir seo amach go randamach mar shraith íomhánna seachtracha, agus iarradh ar na páistí ceann amháin acu a roghnú. Ansin, d'iarr an t-éascaitheoir ar na páistí a dtuairimí a chur in iúl maidir lena n-íomhánna agus cén cineál foghlama a bhíonn ar siúl iontu. De bharr go raibh níos mó íomhánna ná líon na bpáistí i roinnt scoileanna, iarradh ar na páistí go bhféadfaidís íomhá eile a roghnú i dteannta leis an gcéad cheann a roghnaigh siad, dá mba mhaith leo é. Mar thoradh air sin, labhair na héascaitheoirí ar na híomhánna eile agus cur síos déanta ag na páistí ar na cinn a rinne siadsan.

**Fíor 5: Grafaic eolais a úsáideadh i gCeist a hAon**



Tá samplaí den mhéid a dúirt na páistí faoi na híomhánna roghnaithe leagtha amach i dTábla 3.

**Tábla 3. Freagraí na bpáistí faoin ngrafaic eolais**

| An íomhá a cuireadh i láthair . | Ráitis na bpáistí |
|---|---|
| Féinaitheantas | *Cé muid féin, d'aois, an áit ar as thú.*<br>*Sin an duine atá ionat.*<br>*Maidir leat féin agus céard is maith leat.*<br>*Mura n-airíonn tú muiníneach asat féin, cén chaoi a n-aireoidh tú muiníneach nuair a bhíonn tú ag caint le daoine eile.* |
| Cúram a dhéanamh de mo chorp | *Tá sé tábhachtach stíl mhaireachtála shláintiúil a bheith agat.*<br>*Stíl mhaireachtála shláintiúil, bia, aclaíocht amuigh faoin aer.* |
| Ag fás agus ag athrú | *Fásann daoine aníos, téann siad in aois agus faigheann roinnt daoine bás.*<br>*Is cuma faoi aois.* |
| Breith agus saol nua | *An chéad ghlúin eile. Leanbh a bhreith.* |
| Braistintí agus mothúcháin | *Uaireanta bíonn tú brónach agus uaireanta eile bíonn tú sásta.*<br>*Níl ionann ach daoine agus ní bheidh muid ar fad sásta agus brónach ag an am céanna agus ní mór duit meas a bheith agat ar na cineálacha daoine atá ann faoi láthair.* [Thug páiste samplaí den chaoi a n-aireofá difriúil, amhail neirbhíseach, sásta, srl.] |
| Sábháilteacht agus cosaint | *Coinnigh thú féin agus do chuid cairde slán ar an urchóid.* |
| Cinntí a dhéanamh | *Is féidir leis a bheith deacair cinntí a dhéanamh.*<br>*Caithfimid foghlaim más botún atá ann agus cinneadh eile a dhéanamh an chéad uair eile.* |
| Caidreamh le daoine eile | *Cineáltas a thaispeáint do gach duine atá i do thimpeall,*<br>*daoine a bhfuil aithne agat orthu agus daoine nach bhfuil aon aithne agat* |
| Cairdeas | *Ní aon cháil dúinn sásamh a bhaint as*<br>*na rudaí céanna. Le bheith cineálta le* |
| Bulaíocht | *Bulaíocht nó glaoch ainmneacha.*<br>*Ní bhíonn daoine go deas le daoine atá difriúil in amanna.*<br>[Thug páiste sampla de chibearbhulaíocht, agus chuir sé bulaíocht fhisiciúil agus bulaíocht ó bhéal leis an méid sin]. |
| Mo theaghlach | *Baineann OSPS le do chuid cairde agus teaghlach agus le gach duine i do* |
| Ceartas, cothroime agus comhionannas a chur chun cinn | *Sílim gurb iad comhionannas agus*<br>*cothroime na cinn atá agamsa. É a*<br>*dhéanamh féaráilte do gach duine.* |
| Saoránacht a fhorbairt | *Is cuma a dhifriúla a deir duine rudaí dar leat, sílim nach bhfuil i rud ar bith ach heileo a rá amhail ciao'… ciallaíonn sé an rud céanna fós.*<br>*Na tréithe de dhaoine eile atá difriúil dar leat.*<br>*A bheith mar chuid den phobal – tá cultúir éagsúla ag daoine éagsúla.* |
| Pobal agus muintearas | *Ní hionann gach duine – is cuma faoina ndifríochtaí –*<br>*d'fhéadfá a bheith ard nó beag agus is cuma.* |
| Oideachas na Meán | *Gan an méid a chloiseann tú nó a fheiceann tú ar líne a chreidiúint.*<br>*Foghlaim faoi fhoirmeacha éagsúla meán, faoi bheith sábháilte ar an idirlíon.* |

Sna scoileanna ar fad, bhí freagraí na bpáistí ar na híomhánna seo gearr, agus taobh amuigh de roinnt cásanna, is beag a cuireadh leo. Níor tháinig an chiall a bhain le roinnt íomhánna go dtí na páistí ar an bpointe boise, ach taispeántar sna ráitis thuas gur sainaithníodh an phríomhchiall go tapa i gcás an chuid is mó acu. Luaigh páiste amháin i bpíosa aiseolais ar ball gur *'thaitin sé leis go raibh ciall éagsúil ag baint leis na pictiúir ar fad'*. Dúirt duine eile '*ní haon fhreagra bréagach a bhí ann mar bhí ort cuimhneamh*'. I gcás an chuid is mó de na páistí ní fhaca siadsan snáitheanna nó struchtúr snáithaonaid den churaclam OSPS; mar sin, bhí sé deacair dóibh iad a cheangal le comhthéacs an gceachtanna OSPS. Bhí sé riachtanach freisin cuntas a dhéanamh d'eispéiris foghlama na bpáistí ina gceachtanna OSPS, agus is dóigh go raibh leibhéil éagsúla béime orthu. Mar sin féin, is í an ghníomhaíocht seo a chuir in iúl do na páistí a leithne a bhí an t-ábhar OSPS agus thacaigh sé lena bhfócas le haghaidh ceisteanna ina dhiaidh sin.

**Fíor 6: Samplaí de chártaí ábhair grafaice eolais chun tús a chur le caint na bpáistí faoi OSPS ar an lá píolótach**



## Ceisteanna a cuireadh ar lá píolótach OSPS Ceist 2: 'Cad ba mhaith leat foghlaim fút féin agus faoi shaol sláintiúil a bhaint amach?' Agus 'Céard ba mhaith leat foghlaim faoi do chuid cairde, faoi do theaghlach agus daoine eile agus faoin gcaoi a bhfuilimid ar fad mar chuid den saol seo le chéile?'

Ar an lá píolótach, cuireadh an cheist seo ar na páistí ar dhá bhealach: *'Cad ba mhaith leat foghlaim fút féin agus faoi shaol sláintiúil a bhaint amach?'* Agus *'Céard ba mhaith leat foghlaim faoi do chuid cairde, faoi do theaghlach agus daoine eile agus faoin gcaoi a bhfuilimid ar fad mar chuid den saol seo le chéile?'* Ba é a modh a úsáideadh anseo chun ceist a chur ar na páistí smaoineamh ar na ceisteanna agus a bhfreagraí ar an gcéad cheist a scríobh nó a tharraingt i gcuid na bhfréamhaí agus maidir leis an dara ceist i gcuid na gcraobhacha i dteimpléad mór ina léirítear crann. (Is féidir féachaint ar na pictiúir de na crainn ina bhfuil freagraí ar na ceisteanna seo sna hAguisíní 11 agus 12). Chomh maith leis sin, cuireadh ceist ar na páistí *'Céard a chuidíonn leat aireachtáil sábháilte agus ar do chompord chun OSPS a fhoghlaim*?' Iarradh orthu a bhfreagraí a scríobh ar an gceist deiridh ar stoc an chrainn - cuimsíodh an méid seo a leanas leis na freagraí anseo *'muinín a bheith ag duine as an múinteoir'*; *'é a chur i bhfocail eile atá níos éasca'*; *'gan iarraidh orthu seasamh murab é atá siad a iarraidh'*.

Cuireadh trí ghreamán dhaite ar fáil do na páistí ansin a d'fhéadfaidís a chur ar an gcrann chun réimsí na n-ábhar foghlama a raibh spéis acu iontu a chur in iúl. Ní raibh aon ábhar faoi leith ann a raibh níos mó tóir air ná a chéile.

Le haghaidh na modheolaíochta ar laethanta ina dhiaidh sin, tugadh píosaí míreanna mearaí do na páistí chun a gcuid freagraí a scríobh orthu nó chun an méid a bhí siad ag iarraidh a fhoghlaim in OSPS a tharraingt orthu – réamhfhoghlaim nó ábhair nua. Ansin, d'úsáid siad trí ghreamán dhaite chun tús áite a thabhairt do na cinn ab fhearr leo. De bharr gur léirigh na páistí i rang a Trí agus a Ceathair go raibh na ceisteanna casta, Rinneadh cinneadh chun an cheist a athrú go dtí *'céard faoi ar mhaith leat foghlaim in OSPS?'*, agus (úsáideadh formáid na ceiste leasaithe freisin sna scoileanna eile.)

Cuimsíodh na freagraí seo a leanas leis na ceisteanna:

- *Foghlaim faoi stíleanna maireachtála éagsúla, tíortha éagsúla agus aoiseanna éagsúla*
- *Tá sé tábhachtach a bheith sábháilte ar líne*
- *Ní gá duit athrú le bheith mar chuid den ghrúpa*
- *Ná tabhair breithiúnas faoin gcuma ata ar dhaoine, faoin gcaoi a labhraíonn siad ná faoin gcaoi a ndéanann siad rudaí. Fágann na rudaí sin gur duine gránna thú, níl tú níos fearr as bíonn tú thíos leis*
- *Meas a bheith agat ar dhaoine eile*
- *Rud deas a bheith agat anois agus arís – aontaím leat nár cheart dúinn rudaí deasa a bheith againn i gcónaí.*

Mar fhreagra ar na leaganacha éagsúla ceiste, tháinig roinnt téamaí cinnte chun cinn ó fhreagraí na bpáistí. Thug na páistí faoi deara go raibh difríochtaí ann idir na daoine agus bhí meas acu ar chultúir éagsúla. '*Ba mhaith liom foghlaim faoin gcaoi a bhfuil gach duine difriúil óna chéile*'; *'Stíleanna maireachtála difriúla, an chaoi an ndéanann daoine rudaí éagsúla'*; *'Tá gach duine difriúil agus is é an fáth go bhfuilimid an chaoi a bhfuilimid'*; 'Tagann cothroime chun cinn mar

údar imní freisin, lena mbaineann ceisteanna cothroime a tugadh chun solais na seisiúin Chorpoideachais. *'Tá sé tábhachtach go bhfuil cothroime ann do na hinscní agus do na haoiseanna ar fad'*; *'Ní gá duit athrú le bheith mar chuid den ghrúpa – ba cheart do gach duine a bheith cothrom, cairdiúil nó mar chuid de do mhuintir'*.


Caitheadh solas ar bhulaíocht mar ábhar imní go minic sa seisiún seo agus i seisiúin eile. *'An chaoi a dtugann tú aghaidh ar bhulaíocht'*; *'An chaoi chun cur faoi deara do dhuine éirí as'*; *'An chaoi chun tú féin a chosaint in aghaidh bulaíochta, aghaidh a thabhairt ar an gcibearbhulaíocht'*. Is cosúil go bhfuil roinnt páistí ag iarraidh scileanna sóisialta a fhorbairt, agus mothúcháin a bhainistiú, muinín a fhorbairt, agus cinntí a dhéanamh. *'An chaoi gan a bheith fágtha i do staic'*; *'An chaoi chun comhrá maith a dhéanamh nuair a bhíonn tú neirbhíseach nó ciotach'*; *'Ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoi mhothúcháin agus braistintí'*; *'An chaoi chun cinntí a dhéanamh go cúramach'*. Tháinig roinnt freagraí ar ball ó chuid de na páistí níos sine agus d'fhéadfadh go mbeadh tréithe le fáil iontu de cheisteanna a bhaineann le forbairt phearsanta a thiocfaidh chun cinn go luath le linn ógántachta a bheith ag teannadh leo. Labhair roinnt páistí faoin múinteoir mar dhuine *'a thuigeann rudaí agus duine ar féidir muinín a bheith agat as'*, agus *'tuigeann múinteoir maith an t-ualach a bhíonn ar scoláire'*, léirigh siad an ról suntasach is féidir leis an múinteoir a ghlacadh mar threoraí agus mar mheantóir. Tá tábhacht ag baint le tréithe idirphearsanta an mhúinteora anseo.

## Ceist 2: Céard faoi ar mhaith leat a fhoghlaim in OSPS?

San fhormáid leasaithe seo, cuireadh an cheist seo sna scoileanna eile tar éis an lae phíolótaigh. Bhí go leor de na téamaí a tháinig chun cinn ar an lá píolótach le feiceáil ar fud na scoileanna eile.

1. **Sóisialú agus cairdeas a bhainistiú:** *'Sílim go bhfuil sé tábhachtach ceangal láidir a bheith agat le cairde nua agus seanchairde. Léiríonn sé an bhá atá agat leo . . ach tabhair príobháideachas dóibh freisin'*; *'An chaoi le rá le duine nach bhfuil tú compordach'*; *'An chaoi chun scaoileadh le droch-chaidreamh'*. Chuir roinnt páistí caidrimh mhuintire san áireamh amhail réiteach le deartháireacha agus deirfiúracha, nuair a bhíonn siad ag iarraidh cairdeas níos fearr a dhéanamh.

**Fíor 7. Samplaí de fhreagraí na bpáistí**




2. **Mothúcháin a thuiscint agus a bhainistiú:** Ba cheist shuntasach í seo i gcás go leor páistí. I measc na bhfreagraí bhí: *'An chaoi chun do mhothúcháin a smachtú'*; *'An chaoi gan a bheith chomh ceanndána céanna – uaireanta níor mhaith liom'*; *'An chaoi gan ligean do do mhothúcháin*

*dhiúltacha greim a bhreith ort le nach gcaithfidh tú go dona le daoine eile'*; *'Foghlaim faoin gcaoi chun déileáil le hathruithe, agus fáil amach céard a tharlaíonn agus tú níos sine'*; *'Ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoi mhothúcháin agus braistintí de bharr nach bhfuil a fhios againn an bhfuil duine i gcruachás agus d'fhéadfadh go dteastódh cúnamh uathu'*. *'D'fhéadfadh go mbeadh an chuma ar dhuine nach bhfuil mairg air ach d'fhéadfadh go mbeadh sé ag streachailt go mór'*; *'Mura bhfuil an scéal ar fad ar eolas agat, ná déan talamh slán de chúrsaí'*.

3. **Éagsúlacht agus ionchuimsiú a thuiscint:** Tá an téama seo le feiceáil i bhfreagraí roinnt páistí. *'Tuilleadh faoi fholláine agus meabhairshláinte de bharr go bhfuil go leor daoine ann atá ag streachailt le meabhairshláinte agus ba mhaith liom go mbeadh fios agam cén chaoi le cuidiú leo'*; *'Foghlaim faoi dhaoine eile de bharr go bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí acu nó d'fhéadfaidís a bheith faoi mhíchumas'*.

4. **Bulaíocht:** Is follas go raibh imní ann faoi dhaoine eile sna ráitis faoi bhulaíocht, a tháinig chun cinn go minic. *'Rinneadh bulaíocht orm agus tá a fhios agam cén chaoi a bhfuil sé, agus mar sin, níor mhaith liom go dtarlódh sé do dhuine ar bith eile'*; *'Ba mhaith liom cosc a chur leis agus [foghlaim] cén chaoi le cuidiú le duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air'*.

5. **Páistí mar shaoránaigh dhomhanda:** Is é ábhar na gceachtanna OSPS a spreagann páistí a ndearcthaí a leathnú taobh amuigh dá saol féin agus machnamh a dhéanamh ar an 'saol mór'. Thug roinnt mhaith de na freagraí go raibh tuiscint ag na páistí ar an saol mór cheana féin agus go raibh suim acu chun tuilleadh a fhoghlaim faoi. *'Ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoi dhaoine éagsúla agus faoina gcultúir agus a bheith mar chuid de phobal'*; *'Ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoin saol, daoine agus áiteanna'*; *'Ba cheart go mbeadh meas againn ar fad ar chultúir agus creidimh a chéile, beag beann ar a aistí agus a choimhthíche an chuma atá air dar leatsa, fad is nach bhfuil sé ag gortú duine ar bith, ba cheart go mbeadh meas againn air'*; *'Tá daoine sa saol seo nach gcaitear leo i gceart agus caithfimid fáil amach agus foghlaim faoi chun an fheasacht a scaipeadh'*.

6. **Maireachtáil fholláin agus a bheith sábháilte:** Rinneadh roinnt tagairtí do stíl mhaireachtála shláintiúil. *'An chaoi chun stíl mhaireachtála shláintiúil a bheith agat'*; *'Tuilleadh faoi mheabhairshláinte agus stíl mhaireachtála shláintiúil'*; *'Ba mhaith liom foghlaim faoi bheith sláintiúil de bharr nach bhfuil mé féin sláintiúil in amanna ach deir mo mháthair liomsa i gcónaí nach mór do dhuine a bheith sláintiúil'*. Rinneadh tagairt do chomhthéacs an spóirt i roinnt freagraí '*Spóirt amhail Peil Ghaelach cuidíonn sí le daoine feabhsú ó thaobh obair foirne de agus chun cairdeas a dhéanamh agus chun cinntí níos fearr a dhéanamh*'; *'Foghlaim chun comhoibriú i gcluichí'*. Is iomaí trácht a rinneadh ar an ngá le sábháilteacht ar líne. *'Ba mhaith liom a bheith sábháilte ar Discord agus gan comhrá a dhéanamh le daoine nach bhfuil aon aithne agam orthu'*; *'Ná cas le duine ar bith nach bhfuil aithne agat orthu'*; *'[ba mhaith liom] foghlaim faoi shábháilteacht ar líne de bharr gur féidir leis a bheith contúirteach'* – rinne seachtar páistí eile ráitis den chineál céanna ar a laghad. Cuimsíodh le tagairtí eile do shábháilteacht, feasacht ar chontúirt ar an bhfeirm, chomh maith le sábháilteacht ar bhóithre.

(Léirítear in Aguisín 13 samplaí de fhreagraí na bpáistí ar an gceist seo ach úsáid a bhaint as an modheolaíocht 'míreanna mearaí').

## Ceist 3. Agus tú ag foghlaim fút féin, faoi do theaghlach agus faoi dhaoine eile, céard a thabharfadh cúnamh duit do smaointe agus tuairimí a roinnt?

**Tabhair faoi deara:** Cuireadh an cheist seo san fhormáid seo ar an lá píolótach amháin. Athraíodh é go dtí an cheist seo *'Céard a chuideodh leat aireachtáil sábháilte agus ar do shuaimhneas le linn duit a bheith ag foghlaim in OSPS?'* agus úsáideadh í san fhormáid ina dhiaidh sin sna trí scoil eile.


Ar an lá píolótach, scríobh na páistí a bhfreagraí ar an gceist ar an gcuid stoic den teimpléad mór crainn (féach léaráidí sna hAguisíní 11 agus 12). Ar laethanta ina dhiaidh sin, cuireadh ceist ar na páistí labhairt faoi seo i mbeirteanna, chun úsáid a bhaint as an teimpléad 'crann' beag OSPS chun a smaointe a bhreacadh síos nó a tharraingt (féach Fíor 8 thíos) agus ansin cuirfidh siad a smaointe i láthair ó bhéal sa ghrúpa iomlán. Le linn na seisiún seo sna scoileanna ar fad, insíodh do na páistí go bhféadfaidís rud a roghnú ó bhosca na mbréagán giongach chun a rannpháirtíocht sna grúpaí a éascú. Bhí sé seo ar aon dul leis an moladh i gcuid de na freagraí *'Má airíonn tú go bhfuil brú ort, faigh bréagán giongach'*; *'Bíodh béirín bréige agat, nó peata nó bréagán giongach'*; *'Tabhair rud éigin is maith leat isteach leat ar scoil'*.

Rinneadh tagairt do mhuinín in go leor de na freagraí: *'Insint dóibh nach gá dóibh rud éigin a dhéanamh nó a rá murab é atá siad a iarraidh'*; *'Ná seas suas os comhair daoine eile más rud é go bhfuil imní orthu faoi – ní gá dóibh é'*; *'I ngrúpa níos lú a bhfuil tú ar do shuaimhneas ann, b'fhéidir'*; *'Mura mbíonn tú ar do chompord labhairt faoi, ná labhair'*; *'Foghlaim straitéisí éagsúla – seas suas duit féin'*.

Agus i gcás na ndaoine nár mhaith leo labhairt le grúpa, tháinig roinnt moltaí chun cinn maidir le neamhainmníocht agus rúndacht: *'Nóta a scríobh agus é a chur i mbosca agus is féidir leis an múinteoir é a léamh amach – do mheas ar an gceist, ionas nach gá duit é a léamh os ord murab é sin atá tú a iarraidh'*; *'Déanann mo mhúinteoir féin é sin – níl aon ainm air - is bosca atá ann inar féidir leat rud ar bith a scríobh síos'*; *'Labhair le cara, múinteoir nó Cúntóir riachtanas speisialta ach níl sé go maith é a choinneáil agat féin'*; *'Mura mbíonn tú ar do chompord faoi fhoghlaim faoi, inis do mhúinteoir é'*.

Labhraíodh ar ról an mhúinteora anseo arís: *'Is ionann múinteoir maith agus duine nach roghnaíonn [roinnt] daoine in áit daoine eile agus a chuireann in iúl do gach duine go bhfuil siad ar fad cothrom lena chéile, ní airíonn tú gur tusa an duine nach bhfuiltear ag tabhairt cluas éisteachta duit'*; *'A thuigeann tú agus nach dtugann íde béil duit, ach a bhíonn ag tabhairt amach nuair a bhíonn gá leis'*; *'Múinteoir a spreagann cairdeas, ag am lóin agus iarraidh ar dhuine suí in aice leat'*.

**Fíor 8. Samplaí de fhreagraí scríofa na bpáistí ar Cheist 3**




Rinne roinnt páistí moltaí maidir le bealaí ina bhféadfadh an múinteoir feabhas a chur ar rudaí: *'É a bhriseadh síos más rud é go bhfuil sé ródheacair lena thuiscint'*; *'Gach rud a mhíniú go críochnúil'*; *'Sampla a thabhairt agus cead a ligean duit an tuairim atá agat air a scríobh síos'*; *'Ná foghlaim gach rud in aon uair amháin mar go bhféadfadh sé sin a bheith iomarcach do dhuine'*. Agus roinnt moltaí praiticiúla do na páistí féin: *'Tóg d'am agus ná déan aon deifir'*; *'Smaoinigh faoin méid atá le rá agat'*; *'Éist le gach duine agus ná labhair le linn do dhuine eile a bheith ag caint'*; *'Bí machnamhach maidir le smaointe daoine eile'*; *'Tá roinnt daoine ann nach n-éisteann le duine ar bith ach lena gcuid cairde ach tá sé tábhachtach éisteacht le gach duine'*.

Mhol páistí óga i ngrúpaí rudaí amhail *'Piliúr bog le suí ann'*; *'bréagáin ghiongacha'*; *'caith*

*cluasáin*'; '*bia*'. Mhol roinnt acu '*imirt taobh amuigh*' agus '*úsáid spásanna taobh amuigh*'. (Léirítear in Aguisín 14 tuilleadh léaráidí de fhreagraí na bpáistí ar an gceist seo).

## Ceist 4. Dá mba thusa príomhoide scoil shamhailteach ar feadh lae . . .

Cuireadh an cheist dheireanach ar na páistí ar Lá Píolótach OSPS. Tugadh cás do na páistí mar seo a leanas: **Dá mba thusa príomhoide scoil shamhailteach ar feadh lae . . .** Tasc grúpa a bhí sa mhodheolaíocht sa cás seo inar ainmnigh gach grúpa tuairisceoir, i ndiaidh fóram oscailte ina bhféadfadh na páistí smaointe a mholadh maidir leis an méid ba mhaith leo a dhéanamh agus iad i gceannas ina samhlaíocht. Bhí réimse freagraí acu ar fud gnéithe an dá ábhar Folláine.

- *Cruthaigh foirne cothroma i gCorpoideachas agus bíodh duine éigin ann lena chinntiú nach bhfuil aon chaimiléireacht ar siúl*
- *Lig cead dóibh an cluiche a roghnú*
- *Tá na foirne tábhachtach – is fearr iad seachas páistí in iomaíocht a chéile*
- *Cruthaigh brataigh do na páistí de bharr go bhfuil gach cineál scoláire ann*
- *I gCorpoideachas, d'fhéadfadh nach ligfeadh roinnt creideamh cead do pháistí Corpoideachas a dhéanamh agus mar sin, b'fhéidir go ligfeadh muid cead dóibh gníomhaíocht eile a dhéanamh agus bíonn sé de rogha ag daoine eile Corpoideachas a dhéanamh nó páirt a ghlacadh sa mhéid atá an scoláire eile a dhéanamh, is ceart an rud céanna a dhéanamh le OSPS*
- *Cuir OSPS agus Corpoideachas le chéile – más rud é go bhfuil go leor cineálacha éagsúla páistí sa scoil, dhá líne éagsúla agus cuir trí cheist ar gach duine agus foghlaimeoidh tú faoi dhuine éigin agus foghlaimeoidh sé fútsa agus más cluiche nó dúshlán atá ann is Corpoideachas atá ann chomh maith*
- *Dá ndéanfaimis pointe, más rud é go bhfuil OSPS strusmhar duit, is féidir leat sos 2 nóiméad a bheith agat aer úr nó do chloigeann a chur síos*
- *Tá tuairimí éagsúla ag gach duine agus cinntigh go bhfuil gach duine in ann a thuairim a thabhairt*
- *Foirne féaráilte agus má sháraíonn duine na rialacha b'fhéidir go dtabharfaí rabhadh dó – ná bí ródhian orthu*
- *Bímis ómósach agus bíodh meas againn ar dhaoine le linn dóibh iarracht a dhéanamh a mothúcháin a chur in iúl [rud a dúirt páiste leis an éascaitheoir, ag caint faoi Chorpoideachas a bhí sí]*
- *Ba cheart go mbeadh sé de rogha ag daoine páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus rud éigin difriúil a dhéanamh de bharr gur maith le daoine rudaí éagsúla a dhéanamh.*

# Plé ar thorthaí an chomhairliúcháin

Tugtar roinnt léirmhínithe san achoimre seo a leanas ar shonraí an scríbhneora tuairiscí atá bunaithe ar bhreathnuithe an scríbhneora tuairiscí ó na comhairliúcháin ar fhreastail sé orthu, agus anailís ar na sonraí.

Mar a léirítear i *gCreatchuraclam na Bunscoile* '*Tacaíonn folláine le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil na bpáistí anois agus amach anseo*' (lch.18). Tugann na páistí sa tuarascáil seo go leor sonraí maidir leis an méid a fhoghlaimíonn siad i gCorpoideachas agus in OSPS, agus tagairt á déanamh acu do roinnt gnéithe dá '*bhforbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil*'. Cé gur reáchtáladh na seisiúin chomhairliúcháin maidir le gach ábhar ag am ar leith laistigh de lá amháin i ngach scoil, is léir go raibh go leor cosúlachtaí idir a n-eispéiris foghlama, agus na dearcthaí a chuir siad in iúl i leith an dá ábhar. Mar shampla, tá na gnéithe 'sóisialta' de OSPS amhail comhoibriú agus caitheamh le daoine eile go deas, feiceálach freisin i ndearcthaí na bpáistí ar Chorpoideachas. Is gné choitianta eile den dá ábhar é an coincheap de stíl mhaireachtála shláintiúil.

Déantar taifead ar achoimre sa chuntas seo a leanas maidir le dearcthaí na bpáistí i leith na n-ábhar, ábhar amháin ag an am i dtosach, ach ag lua gnéithe foghlama atá le fáil sa dá cheann, go háirithe ó pheirspictíocht níos leithne na Folláine. Tá tábhacht anseo freisin maidir lena mhéad agus atá '*A bheith slán*' ceann de sheacht bpríomhinniúlacht an Chreata, fréamhaithe inár seomraí ranga cheana féin.

## Guthanna na bpáistí maidir le Corpoideachas

D'ainmnigh agus shonraigh na páistí na cluichí, spóirt gus gníomhaíochtaí fisiciúla ar ghlac siad páirt iontu agus ar bhain siad taitneamh astu. Ar an iomlán, léirigh na páistí gur bhain siad sásamh as Corpoideachas den chuid is mó. Déanta na fírinne, bhí an ghné spraíúil de ghníomhaíochtaí Corpoideachais ar cheann de na gnéithe is coitianta a luadh. Rinneadh trácht ar chairdeas freisin, ina tugadh chun solais an suntas a bhaineann le gnéithe sóisialta de ghníomhaíochtaí a mbaineann gluaiseacht fhisiciúil leo. Rinneadh tagairt d'fhoghlaim laistigh agus amuigh faoin spéir níos minice, agus a bheith faoin aer – d'fhéadfadh go mbeadh sé ábhartha go raibh na laethanta comhairliúcháin seo ar fad ar siúl le linn don aimsir a bheith go breá go luath sa samhradh. Thaitin an sos ón seomra ranga leis na páistí, rud a tharla sna ceachtanna Corpoideachais go hiondúil, bíodh sé laistigh nó amuigh faoin aer. Thaitin sé leo go raibh roghanna acu maidir lena ngníomhaíochtaí, ach bhí siad in aiféala go raibh na roghanna teoranta in amanna. Bhí sé suntasach freisin go raibh go leor de na páistí ar an eolas faoi na tairbhí sláinte a bhaineann le gníomhaíocht coirp, go mór mór na páistí níos sine, a rinne tagairt do na tairbhí fisiciúla sin, ach go sóisialta freisin, agus do mheabhairshláinte agus don fholláine shíceolaíochta. Bhí scaradh ann maidir le tuairimí ar chomórtas i gcluichí, b'fhearr le roinnt páistí gníomhaíochtaí iomaíochta, agus b'fhearr le cuid eile acu gníomhaíochtaí comhoibritheacha, nár caitheadh solas ar; agus nach ndearnadh measúnú ar dhifríochtaí maidir le scileanna.

Léirigh na páistí na rudaí nár thaitin leo maidir le Corpoideachas, rudaí a bhain le ceisteanna nach raibh aon smacht acu orthu nó gur beag an smacht a bhí acu orthu, amhail uainiú agus ábhar a gceachtanna, chomh maith le ceisteanna eagraíochtúla sa scoil, agus ó thaobh na

láimhe eile de, rinne siad tagairt do cheisteanna a raibh baint acu féin leo, amhail, iompraíocht i gcluichí, comhlíonadh na rialacha agus dearcthaí ar chomórtas agus obair foirne. Ba é an rud is coitianta nár thaitin leis na páistí ná an easpa roghanna maidir le hábhar na gceachtanna Corpoideachais. I gcás roinnt acu, ba í an cheist ná go raibh iallach orthu páirt a ghlacadh i spóirt, cluichí nó gníomhaíochtaí nach raibh aon suim acu iontu nó nár thaitin leo, mar shampla, ceapadh nach raibh aon ghá le roinnt den téamh suas agus gur cur amú ama a bhí ann do Chorpoideachas. I gcás daoine eile, ba í an easpa éagsúlachta ina gclár Corpoideachais. Ní dhearnadh tagairt don easpa trealaimh nó áiseanna ach go hannamh mar fhoinse mhíshástachta. I gcás uiscíochta, mar shampla, bhí sé de dheis ag na páistí sna ceithre scoil triail a bhaint as an snáithe Corpoideachais seo, trí úsáid a bhaint as socruithe iompair áitiúla den chuid is mó. Bhí ceisteanna eile lasmuigh de smacht na bpáistí i measc na ngearán agus bhí siad bainteach le cúrsaí fisiciúla agus céadfacha – imirt in aimsir thé nó fhuar, aclaíocht atá crua go fisiciúil, agus titim agus gortú fánach.

Léirigh go leor páistí frustrachas maidir le hiompar roinnt páistí ina gceachtanna Corpoideachais, go háirithe i gcluichí, ina ndúirt siad gur sáraíodh na rialacha go minic, agus go raibh cuid dá bpáirtithe ranga ró-iomaíoch. Ba mhórcheist í gairbhe san imirt, bhí an chuid is mó de na gearáin seo bainteach le peil. Ceapadh gur theip ar roinnt múinteoirí agus cóitseálaithe chun rialacha agus pionóis a chur i bhfeidhm i gcaitheadh an ama, agus léirigh na páistí cantal agus díomá ina leith. Is minic a maíodh go raibh míchothromaíocht ann maidir le roghnú na bhfoirne, is minic gurb iad na piaraí ag roghnú a bhí i gceist ach bhí trácht ann ar mhúinteoirí nó ar chóitseálaithe freisin.

Nuair a thugtar deis chun bealaí a mholadh ina bhféadfaí a n-eispéiris Chorpoideachais a fheabhsú, bhí baint ag go leor de smaointe na bpáistí le foinsí na míshástachta a sheachaint. Bhí siad ag iarraidh go mbeadh Corpoideachas níos taitneamhaí, agus deireadh a chur le himirt gharbh nó mhíchothrom, agus béim níos lú ar iomaíocht, cásanna nár cúitíodh ach na daoine is mó scile. D'iarr siad níos mó roghanna ina gceachtanna – i gcás cuid acu, chiallaigh sé sin éagsúlacht níos mó, chiallaigh sé sin rogha a bheith acu gan a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht murar thaitin sé leo. Mhol roinnt páistí réiteach daonlathach, ina rialódh vótaí an ranga ábhar a gcláir Corpoideachais. Ba ghné shuimiúil de mholtaí na bpáistí le haghaidh eispéiris Chorpoideachais níos fearr ná líon na bpáistí a d'ainmnigh ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht mar dheacrachtaí. Dúirt siad go mba cheart go mbeadh gach duine rannpháirteach i gCorpoideachas, agus nár cheart go mbeadh duine ar bith fágtha amach de bharr gur ceapadh nach raibh siad sách sciliúil, nó de bharr nár thuig siad rialacha an chluiche nó de bharr a n-inscne nó de bharr aon cheist eile. Mar sin féin, ní dhearnadh aon tagairt ar leith d'ionchuimsiú na bpáistí faoi mhíchumas. Dúradh freisin gurb amhlaidh nach dtaitníonn gníomhaíochtaí fisiciúla le roinnt páistí agus caithfidh siad páirt a ghlacadh ar bhealaí eile.

D'fhéadfaí freagraí agus moltaí na bpáistí thuas a achoimriú ar ghearrliosta: taitneamh, rannpháirtíocht, rogha, cothroime, breithiúnas a chosc, agus ionchuimsiú. Ó tharla gurb iad guthanna na bpáistí, tá siad féinmhínitheach. Nuair a ghlactar leo ar fad le chéile, d'fhéadfadh go gcuimseofaí leo 'cód cleachtais' le machnamh a dhéanamh air nuair atáthar ag pleanáil cláir Chorpoideachais agus gníomhaíochtaí Corpoideachais.

## Guthanna na bpáistí ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Bunaithe ar fhreagraí na bpáistí ag tús na seisiún ar OSPS, ní raibh a fhios ach ag mionlach na bpáistí ciall iomlán an acrainm OSPS. Ó tharla go bhfuil roinnt codanna ag baint leis an ábhar – trí shnáithe, lena gcuimsítear suas le deich n-aonad snáithe ag rang a Cúig agus a Sé, agus roinnt ábhar laistigh de chomhthéacs na n-aonad – tá sé intuigthe nach bhfuil tuiscint shoiléir ag na páistí ar struchtúr an ábhair. Ina theannta sin, tá sé le rá go bhfuil sé dúshlánach aon chuid den fhoghlaim in OSPS a shimpliú, de bharr nádúr an ábhair, agus béim á leagan ar fhorbairt phearsanta na bpáistí chomh maith lena gcaidrimh le daoine eile sa saol. Mar sin, nuair a labhair na páistí faoi OSPS, ba iad a n-eispéiris sa seomra ranga mar a phleanáil a múinteoirí iad agus mar a chuir siad i láthair iad mar bhonn eolais ag a ráitis, cur síos agus moltaí. Ba ar na cúiseanna sin freisin, a ceapadh go raibh sé riachtanach na seisiúin ar OSPS a oscailt, chun cuidiú leis na páistí feasacht a fhorbairt ar; agus díriú ar phríomhrudaí an ábhair trí ghrafaic eolais a úsáid (tá an mhodheolaíocht seo sonraithe níos túisce sa chuid OSPS den tuarascáil seo).

Ba iad na híomhánna sa ghrafaic eolais agus plé na n-íomhánna seo a thug an fhaisnéis chuí do na páistí maidir le hábhair OSPS. Bhí aidhm roinnt mhaith na n-íomhánna soiléir do na páistí, agus ní raibh orthu tomhas a dhéanamh nó míniú a iarraidh ar na héascaitheoirí i gcás cúig cinn acu nó mar sin. (Tá ráitis na bpáistí sonraithe níos túisce sa tuarascáil.) Níorbh fhéidir a chinntiú na gnéithe den ábhar a raibh taithí ag na páistí orthu, ach léiríodh cruthúnas in ráitis faoi na híomhánna, ar leibhéal ard tuisceana ar an bpríomhfhoghlaim lena gcuimsítear in OSPS.

Nuair a iarradh ar na páistí an méid a bhí siad ag iarraidh a fhoghlaim in OSPS a chur in iúl, tháinig roinnt téamaí soiléire chun cinn. Cuimsíodh leo seo feasacht agus meas ar éagsúlacht chultúrtha, agus machnamh b'fhéidir chun éagsúlacht a mhéadú laistigh dá scoileanna agus dá seomraí ranga féin. D'ainmnigh siad comhionannas mar rud ar mhaith leo foghlaim faoi, gus rinneadh go leor tagairtí do stíleanna maireachtála éagsúla agus go deimhin do dhifríochtaí idir iad féin agus daoine eile.

Tháinig údair imní na bpáistí chun cinn go minic maidir le caidrimh, cairdeas agus sóisialú ina bhfreagraí anseo, inar léiríodh gur príomhghnéithe foghlama iad féinfheasacht agus scileanna sóisialta a fhorbairt a dtugtar aghaidh orthu in OSPS, agus bíonn siad níos tábhachtaí fós le linn do na páistí ag teacht níos giorra d'ógántacht. Tá bainistiú mothúchán mar chuid riachtanach d'fhorbairt phearsanta mar cheann d'údair imní na bpáistí an geábh seo. Rinneadh go leor tagairtí do shábháilteacht ar líne a thugann le fios gur cuireadh na páistí ar an eolas faoi na contúirtí féideartha dá bhfuil ann, bíodh sé sin ag dul trí cheachtanna OSPS na scoile, sa bhaile nó fógraí chun feasacht a fhorbairt sna meáin phoiblí, nó meascán díobh seo. Rud eile ar an mianliosta foghlama ná foghlaim faoin gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht, maidir le féinchosaint agus chun daoine eile a chosaint.

Ceist eile a cuireadh ar na páistí ná '*Céard a chuideodh leat aireachtáil sábháilte agus ar do shuaimhneas le linn duit a bheith ag foghlaim in OSPS?*', ceist a leasaíodh ón gceist ar ball '*céard a chuideodh leat do smaointe agus machnaimh a chomhroinnt*' [i gceachtanna OSPS]. Luadh labhairt nó cur i láthair os comhar a bpáirtithe ranga mar dhúshlán, agus bhí roinnt páistí den tuairim gur cheart nach mbeadh aon bhrú ná iallach ar dhaoine labhairt sa rang, go mór mór ar ábhar íogair. Mhol páiste amháin go mbeadh sé níos éasca labhairt dá mbeadh an grúpa níos lú. Mhol na páistí roghanna eile amhail dul i gcomhairle le duine a bhfuil muinín acu as, nó a ndearcadh nó ceist a scríobh síos agus é a chur i mbosca moltaí go rúnda. Mhol roinnt páistí rudaí

compoird a thabhairt isteach sa rang, amhail bréagáin ó bhaile.

Luadh ról an mhúinteora mar dhuine fásta a bhfuil muinín acu as a bhféadfaí dul i gcomhairle leis, agus luadh ról an mhúinteora maidir le hábhar an churaclaim OSPS go soiléir. Ní mór don mhúinteoir scileanna suntasacha oideolaíochta a bheith aige chun údair imní na bpáistí a réiteach, údair imní a bhaineann lena bhforbairt idirphearsanta agus inphearsanta. Cheap na páistí gur 'dea-mhúinteoir' a bhí ann nuair a taispeánadh ómós do smaointe na bpáistí agus nuair a d'éist sé leo, agus cheap siad gur duine é a múinteoir mar sin '*a thuigeann rudaí agus a bhféadfadh duine muinín a bheith aige as'*. Tugadh roinnt moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí ceachtanna a dhéanamh chun rudaí a dhéanamh níos éasca lena dtuiscint, amhail smaointe a '*bhriseadh síos*', nó gan aon iallach a bheith orthu '*gach rud a fhoghlaim ag an am céanna'*. I dteannta leis na moltaí seo d'aithin na páistí iad féin go raibh siad ag cuidiú lena gceachtanna agus, i measc rudaí eile, go raibh iallach orthu éisteacht agus meas a bheith acu ar thuairimí a chéile. Tá an méid sin ar aon dul le ráitis na bpáistí maidir leis an ngá go n-imreodh gach duine go cothrom agus na rialacha i gCorpoideachas a bheith ar eolas acu.

Ba dhíol spéise faoi na seisiúin OSPS nár luaigh na páistí, mar shampla deacrachtaí ó cheachtanna OCG. Níor luaigh aon pháiste mí-úsáid substaintí, nó aon rud faoi shláinteachas pearsanta. Is díol iontais gur beag tagairt a rinneadh d'oideachas faoi na meáin shóisialta, nó úsáid na bhfón póca. Is beag tagairt freisin a rinneadh do cheisteanna maidir le cothú nó corpacmhainn.

D'eascair ceisteanna maidir le neamhspleáchas as an méid a chuir na páistí leis an gcomhairliúchán, neamhspleáchas na bpáistí agus na múinteoirí. Ní bheadh na páistí ar an eolas faoin téarma 'neamhspleáchas' i gcomhthéacs na scoile agus níor labhraíodh faoi agus ní dhearnadh aon iniúchadh air leo laistigh den chomhairliúchán seo. Ach, ba tháscairí indíreacha a bhfreagraí agus an méid a chuir siad leis an gcomhairliúchán, maidir le teorannacha a neamhspleáchais, bhí sé seo an-soiléir maidir le Corpoideachas, agus ba é an dearcadh iomlán a bhí acu ná gurb é neamhspleáchas dualgas an mhúinteora den chuid is mó. Is dócha go mbeadh na páistí a ndeachthas i gcomhairle leo anseo sásta le béim an Chreata ar níos mór neamhspleáchais don scoláire. D'fhéadfadh go mbeadh bearna shuntasach anseo idir plean na múinteoirí agus an méid a chuireann siad i láthair mar eispéiris an tseomra ranga agus an taithí shuibiachtúil a fhaigheann na páistí iad féin. Is ar an gcúis sin, go gcaithfidh an míniú ar an gcuma a bheadh ar neamhspleáchas sa seomra ranga, dearcthaí agus eispéiris na bpáistí a chuimsiú. D'fhéadfadh nádúr na ráiteas agus na bhfreagraí a taifeadadh sna comhairliúcháin amhail an ceann seo, a bheith úsáideach chun eolas a dhéanamh don mhíniú seo.

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Deirtear i dtabhairt isteach *Chreatchuraclam na Bunscoile* (2023) an méid seo a leanas faoi oideachas:

> *cuireann sé ar acmhainn páistí a bheith ag breathnú orthu féin mar dhaoine aonair, ag a bhfuil cearta agus freagrachtaí, agus mar chuid de ghrúpaí sóisialta, lena n-áirítear sa seomra ranga agus sa scoil, sa phobal áitiúil, agus i gcomhthéacsanna náisiúnta agus domhanda.* (lch.5).

Cuireadh dearcthaí na bpáistí i láthair sa tuarascáil seo maidir leis na hábhair Corpoideachas agus OSPS, a bheidh sa réimse curaclaim Folláine i *gCuraclam na Bunscoile* athfhorbartha. Tá fianaise ar fheasacht mhéadaithe ag teacht ó ghuthanna na bpáistí orthu féin '*mar dhaoine aonair, ag a bhfuil cearta agus freagrachtaí, agus mar chuid de ghrúpaí sóisialta'*.

Deirtear go dtacaíonn folláine le '*forbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil na bpáistí anois agus amach anseo'*, maidir le foghlaim i gCorpoideachas agus in OSPS, a chuireann deiseanna eile ar fáil do na réimsí forbartha sin. Deirtear sa Chreat:

> *aithníonn sé eispéiris páistí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag ceiliúradh eispéiris óige reatha páistí, agus ag féachaint dá dtodhchaí agus cad a d'fhéadfadh a bheith in ann dóibh* (lch.5).

Arís eile, is údar dóchais é an méid atá na páistí ag rá faoina bhfoghlaim anois, agus faoin méid gur mhaith leo a fhoghlaim sna blianta amach anseo – go mbeidh foghlaim na bpáistí i gCorpoideachas agus in OSPS cothúil dóibh anois agus do na daoine a bheidh iontu amach anseo.

Sna míonna amach romhainn, roinnfear an tuarascáil seo le Grúpa Forbartha na Folláine, le Bord na Luath-óige agus na Bunscoile, agus leis an gComhairle. Dá réir sin, beidh an tuairisc mar chuid den phlé leanúnach maidir le todhchaí churaclam na bunscoile. Roinnfear leagan den tuarascáil seo a oireann do pháistí leis na páistí a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo agus beidh cuid ann, a chuireann páistí ar an eolas maidir leis an tionchar a bheidh ag a dtuairimí i bpróisis forbartha CNCM.


# Tagairtí


An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile, le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ar fáil ag: 2023-Primary-Framework-GA-screen.pdf (curriculumonline.ie)


An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021). *An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith Rannpháirteach i nDéanamh Cinntí.* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.


# Aguisíní

**Aguisíní 1-4:** 'Léarscáileanna coirp' agus 'Corpoideachas i saol gan locht' freagraí a chruthaigh na páistí i gcomhairliúcháin Chorpoideachais










Never Judge a book by its cover
going for a jog and he has sweatbands he is getting fit.
playing with toys like running around with a toy aeroplane
Bouncy castle
Playing soccer with naymar the best football player ever.
riding on horses with ronaldo because he's the fitness king
No cheating
No Judging by the colours — this happened when I came to Ireland.
be kind
Fair teams
try a new sport like basketball
dont be mean
Handball
Basketball
No giving out





**Aguisíní 5-10:** 'Léarscáileanna Coirp Corpoideachais' ó scoileanna tar éis lá píolótach






running
GAA
gymnastics
basketball
yoga
dancing
Irish dancing
tennis
Swimming
running races
(Rules)



P.E.
Arsenal
Silent disco
GAA
Dodgeball
Tag rugby
yoga
Teamwork
running laps
Swimming
Football
DANCING
RONALDO
LOSING


Football
Swimming
Tennis
Basket ball
Friends
best subject ever
Rather play games/sports



no work!
GAA

**Aguisíní 11, 12:** Cairteacha crainn ó lá Píolótach OSPS





How to be less socialy akward
How to start a conver satoin
How to be more social. How to cooperate.
How to hold a good covosation while your nervous or in awkward
Make a friendship with teacher at good time makes it easier to talk about SPHE
Trusting the teacher
Good teacher that listen's to you
Listen to everyone in equal
Teacher who understands you
Listen to everyone.
Putting it in easer easier word/ways.
a good teacher understand what a student is going through.
having fun
playing games
encouraging friendship
Trusting teacher
Feeling comfortable
a understing teacher.
NOT DOING WHAT THAY DONT WANT
have fun!
playing games
Justice Fairness Equality
KINDNESS
HEALTHY LIFESTYLE
MY Family
I also learn about my friends, family and other people, and how we all belong in the world together
In SPHE I learn about myself and how to live a healthy life

**Aguisín 13:** Sampla de ghníomhaíocht míreanna mearaí ar Cheist OSPS 2: 'Céard faoi ar mhaith leat foghlaim in OSPS?



**Aguisín 14:** Freagraí ar C.3 OSPS: 'Céard a chuideodh leat aireachtáil sábháilte agus ar do shuaimhneas le linn duit a bheith ag foghlaim in OSPS?'



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment